AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.1.2013
COM(2013) 26 final

2013/0013 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1192/69 ón gComhairle maidir le comhrialacha chun cuntais na ngnóthas iarnróid a normalú

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Le Rialachán (CEE) Uimh. 1192/69 ceadaítear do na Ballstáit cúiteamh a thabhairt do 36 gnóthas iarnróid arna sonrú as oibleagáidí a íoc nach bhfuil ar ghnóthais córacha iompair eile a sheasamh, amhail liúntais speisialta teaghlaigh agus pinsin.

Nuair a chuirtear na rialacha maidir le normalú i bhfeidhm mar is ceart, meastar go bhfuil tacaíocht stáit den sórt sin comhoiriúnach don mhargadh inmheánach agus díolmhaítear na Ballstáit ó oibleagáidí a bhaineann le fógraí maidir le státchabhair a thabhairt, cé go bhfuil oibleagáid orthu a gcuid cinntí maidir le cúiteamh a fhoilsiú go hoifigiúil. Sa lá atá inniu ann, ní úsáideann ach roinnt bheag Ballstát an Rialachán chun údar a thabhairt le híocaíochtaí cúitimh.

Glacadh an Rialachán sula ndearnadh an margadh iarnróid a liobrálú, tráth a bhí an t-iompar ar iarnród san Eoraip ag fás go príomha laistigh de theorainneacha náisiúnta agus a bhí cuideachtaí comhtháite ag oibriú seirbhísí iarnróid agus ag bainistiú an bhonneagair iarnróid. De gheall ar mhargadh monaplach den sórt sin a bheith ann, ba é ab aidhm leis an Rialachán an uair úd gnóthais iarnróid agus gnóthais a bhíodh ag plé le córacha eile iompair a chur ar comhchéim ó thaobh iomaíochta.

Ó bhí na 1990idí ann, glacadh sraith de bhearta reachtacha (ar a dtugtar na 'pacáistí iarnróid') ar an leibhéal Eorpach féachaint an t-iompar ar iarnród a athneartú trí limistéar aonair iarnróid a chruthú a bheadh comhtháite ar an leibhéal Eorpach. Leis na gníomhartha dlí sin ligeadh iomaíocht isteach i margadh an lasta iarnróid agus sa mhargadh paisinéirí iarnróid idirnáisiúnta agus bunaíodh, trí bhíthin Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lenar bunaíodh limistéar aonair iarnróid Eorpach (athmhúnlú)[1], prionsabail bhunúsacha áirithe lena n-áirítear an prionsabal go mbainisteofar gnóthais iarnróid de réir prionsabal a bhfuil feidhm acu maidir le cuideachtaí tráchtála, gur eintitis ar leithligh a bheidh sna heintitis atá freagrach as toilleadh a leithdháileadh agus muirear a ghearradh as bonneagar iarnróid a úsáid agus na heintitis a oibríonn seirbhísí iarnróid (scaradh feidhmeanna sár–riachtanach) agus go mbeidh a gcuid cuntas scartha (chun tras-fhordheonú a sheachaint), gur cheart rochtain a bheith ag aon ghnóthas iarnróid arna cheadúnú i gcomhréir le critéir an AE ar bhonneagar iarnróid ar bhonn cothrom neamh-idirdhealaitheach, agus go bhféadfaidh bainisteoirí bonneagair tairbhiú de mhaoiniú stáit.

Ar chúiseanna éagsúla tá Rialachán (CEE) Uimh. 1192/69 ar neamhréir leis na bearta reachtacha atá i bhfeidhm faoi láthair agus neamh-chomhoiriúnach dóibh.

(i) Ráite nach mór gnóthais iarnróid a bhainistiú de réir prionsabal a bhfuil feidhm acu maidir le cuideachtaí tráchtála, ní ceadmhach aon chúiteamh stáit in árachas, i bpinsin ná i gcostais eile oibriúcháin (eisceacht is ea cúiteamh i soláthar seirbhísí poiblí) a thabhairt. Ní amháin go bhfuil éirim an phrionsabail sin bunaithe faoi na rialacha maidir le státchabhair, tá sé leagtha amach níos mionsonraithe sna treoirlínte maidir le státchabhair a bhaineann le gnóthais iarnróid (2008/C 184/07).

(ii) An liosta de ghnóthais iarnróid arna sonrú atá i dteideal cúiteamh a fháil faoin Rialachán agus an t-aicmiú atá déanta sa Rialachán ar na cineálacha cúitimh is féidir a íoc le gnóthais iarnróid, tá siad bunaithe ar an tuiscint go bhfuil bainistiú bonneagair ionchorpraithe i

[1] IO 343, 14.12.2012, lch. 32.

ngníomhaíochtaí gnóthas iarnróid, rud atá ar neamhréir leis an bprionsabal feidhmeanna sár-riachtanacha a bheith scartha agus leis an bprionsabal cuntais a bheith scartha.

(iii) Faoi Rialachán 1192/69 níl ach 36 gnóthas iarnróid i dteideal cúitimh. D'fhéadfaí a mhaíomh go raibh ciall le Rialachán 1192/69 nuair a bhí na gnóthais iarnróid sheanbhunaithe in iomaíocht le córacha eile iompair amháin seachas le gnóthais eile iarnróid, ach i gcomhthéacs margaidh liobrálaithe ina bhfuil gnóthais iarnróid in iomaíocht dhíreach leis na monaplachtaí seanbhunaithe ní iomchuí a thuilleadh dealú a dhéanamh idir gnóthais éagsúla. Más amhlaidh atá gnóthais iarnróid faoi réir coinníollacha difriúla airgeadais (de thoradh an Rialacháin sin), ciallaíonn sin nach bhfuil sé deimhin go mbeidh coinníollacha rochtana neamh-idirdhealaitheacha ag gnóthais nua atá ag teacht isteach sa mhargadh. Mar shampla, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag comhlachtaí nua sa mhargadh baill foirne a mhealladh ó na gnóthais iarnróid seanbhunaithe ós rud é go bhféadfaidís siúd coinníollacha níos fabhraí pinsin a thairiscint a bhuí leis na fóirdheontais a fhaigheann siad faoin Rialachán.

Is éard atá in íocaíochtaí cúitimh arna ndéanamh faoi Aicme IV den Rialachán (costais saoráidí crosairí comhréidhe) costais a bhaineann le feidhmeanna bainisteora bonneagair, bainisteoir ar féidir leis, faoi Airteagal 8 de Threoir 2012/34/AE, tairbhiú de mhaoiniú stáit. Mar sin, cé go mbeadh íocaíochtaí cúitimh faoi Aicme IV den Rialachán ag teacht leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair, tá Roinn IV den Rialachán iomarcach freisin.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tionscnamh atá beartaithe an Rialachán a aisghairm deireadh a chur le neamhréireachtaí i gcóras dlí an AE agus beidh sé ina chuidiú simpliú a dhéanamh trí dheireadh a chur le gníomh dlí atá imithe i léig.

2. TORTHAÍ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE IARMHARTA

2.1 Comhairliúchán

I mBealtaine 2010 agus i Meitheamh 2011 d'iarr an Coimisiún faisnéis ar na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin. Thug na freagraí a fuarthas le fios nach bhfuair an chuid is mó de na Ballstáit aon iarratas ar chúiteamh ó ghnóthais iarnróid agus nach ndearna siad íocaíochtaí cúitimh faoin Rialachán idir 2007 agus 2010. Thug an chuid is mó de na Ballstáit le fios nach bhfeictear dóibh gá a bheith leis an Rialachán níos mó agus dúirt roinnt acu go sonrach go bhfuil siad i bhfabhar a aisghairme nó go bhfuil siad faoin tuairim go bhfuil an Rialachán imithe i léig nó as dáta. Bhí roinnt Ballstát i bhfabhar aicmí ábhartha a choinneáil sa Rialachán, ach ós rud é go bhfuil íocaíochtaí cúitimh faoi gach aicme, cé is moite d'Aicme IV, ar neamhréir le reachtaíocht eile, caithfear sin a chur as an áireamh. Bhí roinnt Ballstát eile gan aon tuairim i leith an ghá atá fós leis an Rialachán, sin nó níor nocht siad aon tuairim ina leith. Níor dhearbhaigh ach trí cinn de Bhallstáit (an Bheilg, an Ghearmáin agus Éire) gur úsáid siad an Rialachán le linn na tréimhse 2008–2010 mar bhonn dlíthiúil le híocaíochtaí cúitimh a dhéanamh.

Íocaíochtaí cúitimh in 2010 (méideanna measta nó iarbhír) faoi Rialachán 1192/69 arna dtuairisciú ag na Ballstáit (milliúin EUR)

	Aicme I **Caillteanas nó gortú san obair**	**Aicme III** **Pinsin**	**Aicme IV** **Crosairí comhréidhe**	**Iomlán**
An Bheilg	(0.322)	-	-	(0.322)
An Ghearmáin	-	-	72.8	72.8

Éire	-	24.1	4.2	28.3
Iomlán	(0.322)	24.1	77.0	100.8

Chuir an Pholainn in iúl don Choimisiún ar na mallaibh go ndearnadh íocaíochtaí cúitimh le PKP PLK (faoi Aicme IV) dar luach isteach is amach le EUR 7.9 milliún don bhliain 2012.

Faoi láthair ní chuireann na Ballstáit i bhfeidhm ach trí aicme cúitimh (I, III, IV). Tá cineálacha áirithe cúitimh de chuid an Rialacháin gan a bheith i bhfeidhm a thuilleadh (V-III). Ní chuirtear aon cheann de na haicmí cúitimh eile (II agus IX–XV) i bhfeidhm.

Amach ón gcás cúiteamh a thabhairt i soláthar seirbhísí poiblí, tá íocaíochtaí cúitimh ón Stát le gnóthais iarnróid ar neamhréir leis an bprionsabal gnóthais iarnróid a bhainistiú de réir na bprionsabal atá i bhfeidhm i leith cuideachtaí tráchtála, le rialacha an AE maidir le státchabhair, le scaradh cuntas agus le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar bhonneagair iarnróid. Tá Aicme IV den Rialachán iomarcach ráite gur féidir leis an Stát íocaíochtaí cúitimh a thabhairt i bhfeidhmeanna bainisteoirí bonneagair cheana faoi Threoir 2012/34/AE. B'ionann an éifeacht a bheadh ag laghdú a dhéanamh ar an líon aicmí sa Rialachán go dtí an líon atá sa reachtaíocht atá ann faoi láthair agus an éifeacht a bheadh ag aisghairm; is é sin deireadh a chur le haicmí neamhréireacha ach an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit i gcónaí maoiniú a thabhairt don bhainisteoir bonneagair atá de réir a fheidhmeanna, lena n-áirítear costais a bhaineann le saoráidí crosairí comhréidhe.

2.2 Tionchar na haisghairme

I bhfianaise na sonraí a sholáthair na Ballstáit, is féidir a mheas gur tionchar fíorbheag a bheadh ag aisghairm an Rialacháin.

Aicme I

Idir 2008 agus 2010 fuair an Bheilg iarratais ó SNCB Holding faoi Aicme I (íocaíochtaí a chaithfidh gnóthais iarnróid a dhéanamh, ar íocaíochtaí iad a sheasann an Stát i gcás an chuid eile den gheilleagar, lena n-áirítear íocaíochtaí as caillteanas nó gortú de dheasca tionóiscí san obair). In 2010, áiríodh EUR 0.323 milliún d'iarmhéid cúitimh diúltach faoin Rialachán, méid a bhí le haisíoc ag SNCB Holding le Stát na Beilge.

Tionchar diomaibhseach an tionchar a bheadh ag aisghairm Rialachán 1192/69 ar íocaíochtaí cúitimh faoi Aicme I. Chaithfeadh SNCB bheith páirteach sa chóras príobháideach um árachas tionóisce atá ann cheana, agus tá sé tugtha le fios ag an mBeilg go bhfuil an rogha sin á meas faoi láthair. Aon chostas a bheadh ag baint le hathrú go córas nua, dhéanfaí é a fhritháireamh, le fuílleach, trí dheireadh a chur leis an t-ualach riaracháin a thagann as iarratais a fháil agus cúiteamh a áireamh gach bliain faoin Rialachán.

Aicme III

Idir 2008 agus 2010, rinne Éire íocaíochtaí le CIE faoi Aicme III (íocaíochtaí a bhain le dul ar scor agus pinsin eile a bhí ar ghnóthais iarnróid a sheasamh faoi théarmaí nárbh ionann iad agus na téarmaí ab infheidhme maidir le gnóthais eile iompair). In 2010, EUR 24.1 milliún a bhí sa chúiteamh faoi Aicme III a íocadh le CIE.

Tionchar beag an tionchar a bheadh ag aisghairm Rialachán 1192/69 ar íocaíochtaí cúitimh faoi Aicme III. Maidir le híocaíochtaí pinsin le CIE de gheall ar chostais saothair a bhaineann le bainistiú bonneagair, is féidir Airteagal 8 de Threoir 2012/34/AE a bheith ina údar leo mar mhaoiniú d'fheidhmeanna bainisteora bonneagair. Maidir le híocaíochtaí pinsin le CIE, de gheall ar chostais saothair a bhaineann le hoibleagáidí seirbhíse poiblí, is féidir údar a

thabhairt leo mar chúiteamh i gcomhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí arna shainiú i gcomhréir le Rialachán 1370/2007 agus iad a dhíolmhú ón gceanglas fógra a thabhairt i leith státchabhrach. (Faoi láthair tá 100 % d'oibríochtaí paisinéirí iarnróid faoi oibleagáid seirbhíse poiblí). Íocaíochtaí pinsin le CIE de gheall ar chostais saothair a bhaineann le hoibríochtaí iarnróid nach bhfuil ag teacht faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí (i.e. seirbhísí lasta), bheidís faoi réir fógra a thabhairt i leith státchabhrach. Gníomhaíochtaí lasta atá i dtuairim is 5.2 % de ghníomhaíochtaí iarnróid CIE, is é sin isteach is amach le gníomhaíochtaí 3.4 % dá chuid fostaithe. Dá bhrí sin, de na híocaíochtaí a bhaineann le pinsin a dhéantar le CIE, baineann níos lú ná EUR 1 milliún díobh le gníomhaíochtaí lasta iarnróid. Is iad na híocaíochtaí sin amháin le CIE (agus íocaíochtaí a bhaineann le hoibríochtaí paisinéirí iarnróid nach bhfuil ag teach faoi oibleagáidí seirbhíse poiblí, nach ann dóibh faoi láthair) a bheadh faoi réir na rialacha maidir le fógra a thabhairt i leith státchabhrach.

Aicme IV

Tá íocaíochtaí déanta ag Éirinn, ag an nGearmáin agus ag an bPolainn faoi Aicme IV (costais a bhaineann le saoráidí crosairí comhréidhe). In 2010, rinne Éire EUR 4.2 milliún d'íocaíochtaí le CIE faoi Aicme IV. Tuairim is EUR 72.8 milliún na híocaíochtaí measta faoi Aicme IV a rinne an Ghearmáin le DB Netz AG agus le Usedomer Bäderbahn GmbH don bhliain 2010; níos lú ná 0.5 % de a fuair Usedomer Bäderbahn. Don bhliain 2012, déanfaidh an Pholainn tuairim is EUR 7.9 milliún d'íocaíochtaí cúitimh le PKP PLK faoi Aicme IV.

Tionchar diomaibhseach an tionchar a bheadh ag aisghairm Rialachán 1192/69 ar íocaíochtaí cúitimh faoi Aicme IV. Bheadh Airteagal 8 de Threoir 2012/34/AE ina údar le híocaíochtaí le CIE, DB Netz agus PKP PLK mar mhaoiniú d'fheidhmeanna bainisteora bonneagair. Is féidir leanúint de na híocaíochtaí sin a dhéanamh i ndiaidh aisghairm an Rialacháin agus thiocfadh deireadh leis na foirmeáltachtaí riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin, amhail déileáil le hiarratais bhliantúla ar normalú ó ghnóthais, ualach nó tairbhe airgeadais a mheasúnú, méid cúitimh a chinneadh, cinntí a dhéantar de bhun fhorálacha an Rialacháin a ullmhú mar is ceart agus na cinntí sin a fhoilsiú go hoifigiúil. Maidir leis na híocaíochtaí beaga a dhéantar le Usedomer Bäderbahn, bheidís faoi réir na rialacha maidir le fógra a thabhairt i leith státchabhrach.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Is éard atá sa togra aisghairm Rialachán (CEE) Uimh. 1192/69.

2013/0013 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1192/69 ón gComhairle maidir le comhrialacha chun cuntais na ngnóthas iarnróid a normalú

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 109 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CEE) Uimh. 1192/69 ceadaítear do na Ballstáit cúiteamh a thabhairt do 36 gnóthas iarnróid arna sonrú, in oibleagáidí a íoc nach bhfuil ar ghnóthais modhanna iompair eile a sheasamh. Fágann cur i bhfeidhm ceart na rialacha maidir le normalú go bhfuil Ballstáit díolmhaithe ó oibleagáidí i leith fógraí a thabhairt maidir le státchabhair.

(2) Glacadh sraith de bhearta reachtacha ar an leibhéal Eorpach lena ligtear iomaíocht isteach i margadh an lasta iarnróid agus sa mhargadh paisinéirí iarnróid idirnáisiúnta agus lena mbunaítear, trí bhíthin Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lenar bunaíodh limistéar aonair iarnróid Eorpach (athmhúnlú), prionsabail bhunúsacha áirithe lena n-áirítear an prionsabal go mbainisteofar gnóthais iarnróid de réir prionsabal a bhfuil feidhm leo maidir le cuideachtaí tráchtála, gur eintitis ar leithligh a bheidh sna heintitis atá freagrach as toilleadh a leithdháileadh agus muirear a ghearradh as bonneagar iarnróid a úsáid agus na heintitis a oibríonn seirbhísí iarnróid agus go mbeidh a gcuid cuntas scartha, gur cheart rochtain a bheith ag aon ghnóthas iarnróid arna cheadúnú i gcomhréir le critéir an AE ar bhonneagar iarnróid ar bhonn cothrom neamh-idirdhealaitheach, agus go bhféadfaidh bainisteoirí bonneagair tairbhiú de mhaoiniú stáit.

(3) Tá Rialachán (CEE) Uimh. 1192/69 ar neamhréir leis na bearta reachtacha atá i bhfeidhm faoi láthair agus neamh-chomhoiriúnach do na bearta sin. Go háirithe, i gcomhthéacs margaidh liobrálaithe ina bhfuil gnóthais iarnróid in iomaíocht dhíreach

[2] IO C …, lch .
[3] IO C …, lch .

leis na gnóthais iarnróid arna sonrú, ní iomchuí a thuilleadh dealú a dhéanamh idir an dá ghrúpa gnóthas seo.

(4) Dá bhrí sin, is iomchuí Rialachán (CEE) Uimh. 1192/69 a aisghairm chun deireadh a chur le neamhréireachtaí i gcóras dlí an AE, rud a dtiocfaidh simpliú as trí dheireadh a chur le gníomh dlí atá imithe i léig.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá Rialachán (CEE) Uimh. 1192/69 aisghairthe.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*